

# Do Thuarascáil Bhliantúil a Aimsiú agus a Chomhdú



An Rialálaí  
Carthanas  
Charities  
Regulator

Ceanglaítear ar gach carthanas tuairisciú ar a ghníomhaíochtaí airgeadais sa bhliain roimhe de réir alt 52 den Acht Carthanas 2009 trí fhoirm Tuarascála Bliantúla a chomhdú tríd an tairseach ar líne.

I dTuarascáil Bhliantúil ó charthanas, cuirtear síos ar a ghníomhaíochtaí sa dá mhí dhéag roimhe agus ar a ghnóthaí airgeadais sa tréimhse sin. Foilsítear an tuarascáil ar an gClár poiblí Carthanas ar líne agus úsáidtear í chun cabhrú linn deontóirí agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

Na nithe a rinne do charthanas thar an 12 mhí seo a chuaigh thart chun gach ceann dá chuspóirí carthanúla a chur chun cinn



Na daoine ar thug do charthanas cabhair dóibh



An dóigh ar chruinnigh do charthanas cistí agus an dóigh ar chaith sé iad



An áit a raibh na tairbhí a bhain le hobair do charthanas le brath



Seachas an dlí a chomhlíonadh, is féidir le carthanas, trí Thuarascáil Bhliantúil a chur isteach, an dea-obair a dhéanann siad a chur i láthair agus a thaispeáint go bhfuil siad tiomanta do dhea-rialachas, do thrédhearcacht agus do chuntasacht.

## 4 chéim shimplí chun do Thuarascáil Bhliantúil a Aimsiú agus a Chomhdú

1

Tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin




Tabhair cuairt ar [www.charitiesregulator.ie](http://www.charitiesregulator.ie) agus téigh chuig an gcnaipe **Logála Isteach**.

2

Sínigh isteach

Iontráil d'ainm logála isteach agus cliceáil ar **'Logáil Isteach'**. Mura bhfuil d'ainm logála isteach nó do phasfhocal ar eolas agat nó mura bhfuil cuntas custaiméara agat, léigh an ghrafaic faisnéise chabhrach uainn dar teideal **'Conas Logáil Isteach i do Chuntas Custaiméara'**.

Má tá Tuarascáil Bhliantúil do charthanas le cur isteach go luath, is féidir leat an fhoirm a rochtain go díreach ach cliceáil ar an gcnaipe **'Comhdaigh an Tuarascáil Bhliantúil Anois'** ar do dheais. I gcásanna eile, cliceáil ar ainm an charthanas agus roghnaigh an fhoirm tuarascála bliantúla.



3

Cliceáil ar an gcnaipe **'comhdaigh an tuarascáil bhliantúil anois'**

Cliceáil ar **lean ar aghaidh** chun comhdú nua a thosú don charthanas seo.



4

Comhlánaigh

Comhlánaigh an tuarascáil bhliantúil agus cuir isteach í.



Gheobhaidh tú faisnéis úsáideach faoi thuairisciú bliantúil ar an leathanach Ceisteanna Coitianta ar ár suíomh Gréasáin:

<https://www.charitiesregulator.ie/en/information-for-charities/annual-reporting>